



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Fodhlíthe Bruscair agus Dramhaíola Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Treoir Achomair

Cabhróidh an achoimre ghearr seo leat do fhreagrachtaí
faoi Fhodhlíthe Bruscair agus Dramhaíola Chomhairle
Cathrach Bhaile Átha Cliath a thuiscint



LMO@dublincity.ie

Má dhéanann tú gnó i gCeantar Tráchtála Láir, tá oibleagáidí áirithe ort maidir le do Bhainistíocht Dramhaíola.

D'fhonn eispéireas níos fearr a chothú dóibh siúd a chónaíonn, a thugann cuairt ar agus a oibríonn inár gcathair, iarraidimid oraibh aird a thabhairt ar na hoibleagáidí agus na hiarratais seo a leanas maidir le Cur i Láthair agus Stóráil Dramhaíola.

Mar is eol daoibh, bíonn go leor fadhbanna inár gcathair mar thoradh ar chur i láthair dramhaíola i málaí. D'iarraimís, sa chás go bhfuil spás agat laistigh de do chúirtealáiste gnó, go gcuirfí Araidí rothaí traidisiúnta ar fáil.

Má chruthaíonn do ghnó dramhaíl bia agus mura féidir ach bosca amháin a stóráil, molann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go gcuirfí bosca donn bia ar fáil. Cuirfidh do bhailitheoir dramhaíola príobháideach ceann ar fáil ar d'iaratas.

Ná cuir dramhaíl i láthair ach amháin i limistéar poiblí tar éis **5pm** ar do lá bailithe ainmnithe agus bain do choimeádán nó aon dramhaíl neamhbhailithe faoi **10am** an lá dár gcionn.

Do chuid oibleagáidí maidir le Bainistíocht Dramhaíola

Ba chóir do bhoscaí bruscair a stóráil laistigh de chúirtealáiste d'áitribh lasmuigh d'amanna an chur i láthair.

Coinneofar na boscaí bruscair go léir a úsáidtear chun dramhaíl a chur i láthair i riocht agus i riocht deisiúcháin nach mbeidh an dramhaíl a chuirtear ann ina foinse núise nó bruscair.

Ní chuirfear dramhaíl i láthair i gcoimeádán ina ndearnadh na rothaí nó an clúdach a bhaint nó a dhamáistiú a mhéid ar bith a rinneadh amhlaidh;

- níl sé in ann é a choinneáil gan doirteadh,
- nach bhfuil sé oiriúnach ar shlí eile chun na críche dár dearadh é nó
- nach féidir é a fholmhú.

Ní mór do ghnólachtaí a bhfuil Ceadúnais Troscáin Sráide acu ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chinntiú go gcoimeádtar an limistéar ceadúnaithe glan agus saor ó bhruscar i gcónaí. Is féidir le Maoir Bhruscair fíneálacha faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar a eisiúint do na sealbhóirí ceadúnais má tá an ceantar míshlachtmhara.

Níor cheart boscaí bruscair agus coimeádáin bhruscair eile a stóráil laistigh den limistéar ceadúnaithe.



Scan an cód MF le haghaidh tuilleadh eolais faoi Fhodhlíthe Dramhaíola Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Más áititheoir

Áitribh Cheadúnaithe thú



Ní mór duit an limistéar lasmuigh de d'áitreabh a choinneáil saor ó bhruscar agus ó smáil agus ní mór duit an bruscar agus smáil go léir a bhaint le linn uaireanta oscailte¹ d'áitribh.

Ní mór duit líon leordhóthanach boscaí bruscar toitíní a sholáthar lasmuigh de d'áitreabh agus a chinntiú go ndéantar iad a fholmhú agus a chothabháil.

Ní mór duit monatóireacht agus glanadh a dhéanamh lasmuigh de d'áitreabh ag am oscailte, ag am dúnta agus uair amháin gach uair an chloig ar a laghad ach amháin idir 10:30am–12:30pm agus 15:00–19:00 nuair is gá an monatóireacht agus an glanadh a dhéanamh uair amháin gach dhá uair an chloig ar a laghad.

Ní mór duit an Sceideal Glantacháin a choinneáil ar feadh míosa lena iniúchadh ag Duine Údaraithe² ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ní mór duit comhoibriú le Duine Údaraithe² i gcónaí.

Más áititheoir

Áitribh Bia Beir Leat thú



Ní mór duit an limistéar lasmuigh de d'áitreabh a choinneáil saor ó bhruscar agus ó smáil agus ní mór duit an bruscar agus smáil go léir a bhaint le linn uaireanta oscailte¹ d'áitribh.

Ní mór duit líon leordhóthanach boscaí bruscair a sholáthar lasmuigh de d'áitreabh agus a chinntiú go ndéantar iad a fholmhú agus a chothabháil. Ní mór don Chomhairle Cathrach líon, sonraíocht agus suíomh na mboscaí bruscair a cheadú.

Ní mór duit monatóireacht agus glanadh a dhéanamh ar chomharsanacht³ d'áitreabh ag am oscailte, ag am dúnta agus uair amháin gach uair an chloig ar a laghad le linn uaireanta oscailte.¹

Ní mór duit fógra Frith-Bruscair agus Sceideal Glantacháin a thaispeáint in áit fheiceálach ar d'áitreabh.

Ní mór duit an Sceideal Glantacháin a choinneáil ar feadh míosa lena iniúchadh ag Duine Údaraithe² ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ní mór duit comhoibriú le Duine Údaraithe² i gcónaí.

¹ **Uaireanta Oscailte:** Na hamanna mbíonn an t-áitreabh ar oscailt de ghnáth agus 15 nóiméad tar éis an ghnáth-am dúnta.

² **Duine Údaraithe:** Duine a cheapann an Chomhairle i scríbhinn chun críocha na bhFordhlithe seo nó ball den Gharda Síochána.

³ **Comharsanacht:** An bóthar poiblí (ach gan an bóthar poiblí a áireamh), an cosán poiblí, tuirlingtí príobháideacha agus limistéir féarailte san fhearann poiblí laistigh d'achar 50 méadar gach taobh den áitreabh.

⁴ **Áit Phoiblí:** Aon áit a bhfuil rochtain ag an bpobal air cibé acu mar cheart nó trí chead agus cibé acu faoi réir nó saor in aisce.

Foirm Chomhaontaithe Cairte

Le Chéile táimid ag coinneáil

Baile Átha Cliath glan

Aontaím go gcloífidh mé mo chuid oibleagáidí mar atá leagtha amach i bhFodhlíthe Bruscair a Chosc agus a Rialú agus i bhFodhlíthe Dramhaíola a Thíolacadh agus a Bhailiú.

Tríd an méid sin a dhéanamh, deimhním mo thiomantas oibriú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina n-iarrachtaí chun timpeallacht uirbeach ghlan agus shláintiúil a sholáthar do gach saoránach agus cuairteoir chuig an gcathair.



Sínithe:

Ainm an Ghnó:

Ríomhphost:

Seoladh:

Dáta:

Seol d'fhoirm chomhlánaithe chuig LMO@dublincity.ie

Arna eisiúint ag Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola
Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Le haghaidh tuilleadh sonraí tabhair cuairt ar
www.dublincity.ie

